Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2011–2012

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2

## Bonnsraith

**[GSC21]**

GSC21

**DÉ MÁIRT 15 BEALTAINE 2012, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| **Marc Iomlán** | |

LEATHANACH BÁN

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

1 **(a)** Is cineálacha de mhiocróib iad baictéir agus fungais atá ina gcúis le galair. Úsáid línte agus ceangail gach cineál miocróib le galar amháin a bhfuil sé ina chúis leis.

| **An cineál miocróib** | **Galar** |
|---|---|
| | Fliú |
| Fungais | |
| | Borrphéist choise |
| Baictéir | |
| | Gónairith |

[2]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:


**nítrigin : MRSA : ailse scamhóg :**

**aonocsaíd charbóin : polaimiailítis : eimfiséime**

Tá caitheamh tobac ina chúis le galar agus is féidir go ndéanfaidh sé dochar don chorp. Tá tarra ó chaitheamh tobac ina chúis leis na galair ______________________________ agus ______________________________ . Tá an gás ____________________ i ndeatach toitín chomh maith agus laghdaíonn sé seo ar chumas na fola ocsaigin a iompar. [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2 (a)** Taispeánann an graf seo thíos an airde atá buachaillí 13 bliana d'aois i rang áirithe.




**(i)** Cá mhéad buachaill atá sa rang?

______________________________ [1]

**(ii)** Cad iad na hairdí is coitianta sa rang?

________________________ cm agus ______________________ cm [1]

**(iii)** Is sampla í airde d'éagsúlacht leanúnach i ndaoine. Cad é mar a chuireann an graf é seo in iúl?

______________________________________________________________ [1]


**(iv)** Luaigh dóigh **amháin** a n-athróidh na torthaí má thomhaistear airde na mbuachaillí bliain ina dhiaidh sin nuair atá siad 14 bliana d'aois.

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Tugann an tábla faisnéis ar líon na mbuachaillí i gclub óige a thig leo an teanga a rolladh.

| **Tig leo an teanga a rolladh** | **Tig** | **Ní thig** |
|---|---|---|
| **Líon na mbuachaillí** | 12 | 7 |


Tarraing **barrachairt** den fhaisnéis seo ar an eangach seo thíos.




[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Taispeánann an léaráid cuid de na gnéithe a bhaineann le bád nua-aimseartha iascaigh.




**(i)** Cén ghné (**A**, **B** nó **C**) a thaispeántar sa léaráid a bheidh ina cuidiú na stoic éisc a chaomhnú?

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **dhá** rud eile is féidir a dhéanamh leis na stoic éisc a chaomhnú.

Ciorclaigh na freagraí cearta.

**tearmainn a bhfuil cosc ar iascaireacht iontu**

**níos mó laethanta iascaireachta a bheith ann**

**limistéar iascaireachta níos mó do na báid**

**teorainn a chur leis an líon laethanta iascaireachta do gach bád**

[2]


**(iii)** Tá na stoic éisc i mbaol chomh maith mar gheall ar thruailliú. Luaigh cineál **amháin** de thruailliú uisce a dhéanann dochar d'éisc.

______________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(b)** Is cineál de thruailliú aeir í báisteach aigéadach. Taispeánann an léaráid seo a leanas cad é mar a tharlaíonn báisteach aigéadach.




**(i)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin lena mhíniú cad é mar a bheadh éifeacht ag báisteach aigéadach ar thír nach bhfuil ach cuid bheag monarchana inti má tá an tír seo in aice le tír a bhfuil cuid mhór monarchana inti.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Laghdaíodh go mór le blianta beaga anuas ar an méid truaillithe a bhfuil báisteach aigéadach ina cúis leis.

**(ii)** Luaigh dóigh **amháin** ar laghdaíodh ar an méid de bháisteach aigéadach.

______________________________________________ [1]

4 Tá daonra Thuaisceart Éireann ag fás go gasta. Is í an phríomhchúis atá leis seo ná go bhfuil saol níos faide ag daoine anois. Tá cúram leighis níos fearr ar cheann de na cúiseanna a bhfuil saol níos faide ag daoine anois.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Luaigh fáth **amháin** eile a bhfuil saol níos faide ag daoine.


Ciorclaigh an freagra ceart.

**níos mó dífhostaíochta**

**aiste bia níos fearr**

**córais bóithre níos fearr** [1]

**(b)** Tá forbairt antaibheathach ar cheann de na cúiseanna a bhfuil cúram leighis níos fearr againn. Taispeánann an léaráid seo a leanas cad é a tharla nuair a d'éilligh fungas na baictéir a bhí á bhfás i mais Petri ag Alexander Fleming.




**(i)** Luaigh dhá thátal is féidir a bhaint ón bhreathnú seo.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh an t-antaibheathach a táirgeadh faoi dheireadh i ndiaidh an bhreathnaithe seo.

______________________________________________ [1]

**(c)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Is féidir leathnú 'sárfhrídíní' amhail ______________________________


a laghdú trí shláinteachas maith a bheith ann in ospidéil agus gan antaibheathaigh a ró-úsáid sa dóigh nach n-éireoidh baictéir

______________________________ dóibh. [2]

**5** Bhí brat cothaitheach steirilithe in úsáid i dturgnamh mar a thaispeántar anseo thíos le fás baictéarach a fhiosrú.

**(a)** Cén dóigh, dar leat, a ndéantar an brat cothaitheach a steiriliú?

______________________________ [1]




**(b)** Ar an léaráid, scríobh **Is ea** nó **Ní hea** i mboscaí **A**, **B** agus **C** lena thaispeáint an mbeifeá ag súil go mbeadh fás baictéarach ann i ndiaidh dhá lá. [2]

**(c)** Luaigh dhá rud a chaithfear a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh na torthaí bailí (triail chothrom).

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(d)** Ainmnigh an t-eolaí a rinne turgnamh cosúil leis an cheann seo le fleascán ‘ealaphíbe’.


______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**6 (a)** Taispeánann an tsreabhchairt seo a leanas dóigh amháin a mbaintear imdhíonacht éighníomhach amach agus dóigh amháin a mbaintear imdhíonacht ghníomhach amach.




**(i)** Leis an léaráid a chomhlánú, luaigh dóigh amháin eile ar féidir gach cineál imdhíonachta a bhaint amach. [2]

**(ii)** Luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le himdhíonacht éighníomhach.


Buntáiste ______________________________

______________________________

Míbhuntáiste ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Taispeánann an léaráid seo thíos cad é mar a bhíonn antasubstaintí ag cur in éadan miocrób.




**(i)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin lena mhíniú cad é mar a bhíonn antasubstaintí ag cur in éadan miocrób.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]


**(ii)** Ainmnigh an próiseas trína mbíonn miocróib á slogadh agus á ndíleá ag fuilchealla bána.

______________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

7 **(a)** Is ó 'ardáin' oighir a mbíonn rónta á seilg ag béir bhána.






Taispeánann an tábla seo thíos an t-uasfhad a shín an t-ardán oighir taobh amuigh d'oileán sa Chiorcal Artach ó 1950–2010.

| **Bliain** | **Sínteacht an ardáin oighir/km** |
|---|---|
| 1950 | 3.5 |
| 1960 | 3.25 |
| 1970 | 2.8 |
| 1980 | 2.6 |
| 1990 | 2.4 |
| 2000 | 2.3 |
| 2010 | 2.2 |

**(i)** Luaigh an treocht atá á léiriú ag an fhaisnéis sa tábla thuas.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(ii)** Síltear gurb é téamh domhanda is cúis leis an athrú ar an ardán oighir. Mínigh ina hiomláine cad é is cúis le téamh domhanda agus cad é mar atá fianaise san fhaisnéis seo go bhfuil sé ag tarlú.

______________________________________________________________

______________________________________________________________


______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Fuair eolaithe amach chomh maith go bhfuil na hardáin ag éirí níos tanaí agus go raibh éifeacht aige seo ar líon na mbéar bán ar an oighear. Taispeánann an graf seo thíos líon na mbéar bán a chonacthas ar thiúis dhifriúla oighir.




**(i)** Cad chuige, dar leat, nach bhfacthas aon bhéar bán ar oighear atá níos lú ná 20 cm ar tiús?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cad é a tharlóidh, dar leat, do bhéir bhána má leanann an t-oighear de bheith ag éirí níos tanaí?

_______________________________________________ [1]

Is samplaí de thoisc aibitheacha iad sínteacht agus tiús oighir.

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **aibitheach**?

_______________________________________________ [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

112904